

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 21

Príosúin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ar speansais eile a bhaineann le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.744 milliún a ghéilleadh don Stáchtiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas a ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht do thréimhsí cuntais dar tús an 1 Eanáir 2025 i leith.

Chun aistriú an cuntais leithreasa chuig Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maoluithe i leith na gcaighdeán seo a leanas i ndáil leis an gcuntas leithreasa don bhliain 2025.

Maolú ar CGAS 31: Sócmhainní Doláimhsithe

Ní dhearnadh ceadúnais bogearraí a bhfuil téarma trí bliana nó cúig bliana acu agus a bhfuil luach sócmhainne aonair os cionn na tairisí €10,000 acu a chaipitliú mar shócmhainní doláimhsithe agus ní dhearnadh iad a amúchadh thar a saolré fhónta ionchasach i gcomhréir le CGAS 31: Sócmhainní Doláimhsithe. Níl aon tionchar ábhartha ar an gcuntas maoinithe Stáit toisc go bhfuil na ceadúnais bogearraí a réamhíocadh curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí.

Tá sé beartaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann na ceadúnais bogearraí sin a chur ar áireamh i gcuntas leithreasa 2026.

Maolú ar CGAS 17: Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh

Ní léirítear dhímheas foirgneamh sna cuntais leithreasa. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil chun bail mhaith a choinneáil orthu.

Ach amháin i gcás talún agus foirgneamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i mbun seirbhíse iad.

Tá na sócmhainní go léir i gclár sócmhainní seasta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bhaineann le foirgnimh á ndímheas anois ón 1 Eanáir 2026 i leith.

Luacháil ar thalamh agus foirgnimh

Is leis an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce trí cinn déag de phríosúin agus d'ionaid choinneála, mar aon le réadmhaoín ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise, réadmhaoín atá cóngarach don fhoirgneamh Ceanncheathrún ar an Longfort, agus dhá láithreán i mBaile Átha Cliath: láithreán beag amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus tailte a fuarthas le haghaidh forbairt príosúin ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath.

Rinne Tailte Éireann an talamh agus na foirgnimh go léir atá faoi rialú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a luacháil de réir luach cóir amháin an 31 Nollaig 2025, agus tá na luachanna sin curtha ar áireamh i nóta 2.1 Réadmhaoín, Fearas agus Trealamh.

Déantar na luachálacha ar bhonn luacha chóir, agus aird á tabhairt ar úsáid láithreach gach réadmhaoine (gan aird a thabhairt ar an acmhainneacht forbartha).

Tá na réadmhaoine oibríochtúla (príosúin agus foirgnimh oibríochtúla choláiste) tógtha go sonrach dá n-úsáid bheartaithe. Tugtar luachanna ar leithligh do na foirgnimh agus don láithreán.

Déantar na foirgnimh a luacháil trí úsáid a bhaint as modh an chostais athsholáthair dhímheasta toisc go meastar gur sócmhainní oibríochtúla speisialaithe iad agus nach bhfuil aon fhianaise mhargaidh ar fáil ar a bhféadfaí brath. Léirítear sna luachanna a luach úsáide, seachas luachanna margaidh aonair. Léirítear sa chostas athsholáthair dhímheasta an costas láithreach a bhaineann le sócmhainn a athsholáthar lena sócmhainn choibhéiseach nua-aimseartha lúide asbhaintí i leith meathlú fisiciúil agus i leith gach cineáil iomchuí diffeidhmeachta.

Tugtar aird sa ghné láithreáin go príomha ar fhianaise mhargaidh inchomparáide.

Faightear an luach cóir do na réadmhaoine neamhoibríochtúla (talamh neamhspleách, saoráid stórála na ceanncheathrún, foirgneamh neamhspleách coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann) go príomha trí úsáid a bhaint as idirbhearta margaidh inchomparáide le déanaí ar théarmaí neamhspleácha, agus aird á tabhairt ar an úsáid atá á baint astu faoi láthair. Tugtar luach amháin don fhoirgneamh agus/nó don láithreán.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Seachas mar a léirítear thuas, déantar dímheas ar réadmhaoín, fearas agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Feabhsuithe léasachta	50 bliain	2%
Trealamh	5 bliana	20%
Mótarfheithiclí	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí forbartha	10 mbliana	10%

Ábhair inchaite

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais, agus ní áirítear i stoic iad.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.

- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce le pearsanra atá oile go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar chonraithe eile agus €175.9 milliún san iomlán sa bhliain 2025.

Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann mionsonraí faoi dhá chonradh déag a bhí comhlíontach ach nár soláthraíodh go hiomláoch dar luach os cionn €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon Seirbhís Phríosúin na hÉireann na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh ar mhó a luach ná €25,000 agus dar luach iomlán €126,726 (gan CBL a áireamh) sa bhliain 2025, mar atá leagtha amach thíos.

- Soláthar amháin dar luach €26,946 (gan CBL a áireamh) le haghaidh lónadóireachta i ndáil le príosúnaigh a bheith ag freastal ar an gCúirt – tá an conradh dáfa anois.
- Soláthar amháin dar luach €55,980 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí riachtanacha cosliachta, do phríosúnaigh scothaosta a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha soghluaisteachta acu go príomha – tá an conradh dáfa anois.
- Soláthar amháin dar luach €43,800 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí riachtanacha fisiteiripe, do phríosúnaigh scothaosta a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu go príomha – tá an conradh dáfa anois.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach príosún agus do gach stiúrthóireacht, agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach. Ar gach leibhéal, déantar príomhrioscaí a rangú agus a mheasúnú de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (foireann ceannaireachta Stiúrthóirí) an clár rioscaí corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin. Úsáidtear na measúnuithe sin chun bonn eolais a chur faoi phleanáil agus faoi leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí, agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú sannta d'fhoirne iomchuí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil don lucht bainistíochta agus don Choiste Bainistíochta Riosca, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Ag eascairt as na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann rialuithe airgeadais agus rialuithe agus próisis eile a athbhreithniú agus a neartú go leanúnach i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, baincéireacht, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus próisis leanúnachais gnó/athshlánúcháin ó thubaiste. Laghdaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an líon cuntas bainc tráchtála atá aici (nach mbaineann leis an vóta) ó cheithre cinn ag deireadh na bliana 2024 go trí cinn ag deireadh na bliana 2025 de bharr athchóiriú agus nuachóiriú leanúnach ar chórais agus ar phróisis.

Íocaíochtaí le soláthraithe

Rinneadh ocht saincheist rialaithe a bhain le soláthraithe dar luach €34,835 a fhéin-sainaithint le linn na bliana. Bhain €32,773 (94%) den luach iomlán €34,835 le saincheist amháin maidir le híocaíocht le soláthraí. Bhain sé sin le Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla a asbhaint ó shonrasc de bhotún. Réitíodh gach saincheist nuair a sainaithníodh iad.

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha eile ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Oonagh McPhillips

Oifigeach Cuntasaíochta

Príosúin

30 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 21 Príosúin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Príosúin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaitnínm na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 21 Príosúin

Cuntas Leithreasa 2025				
		2025		2024
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Coimeád athshlánúcháin sábháilte, slán agus daonnachtúil a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún			
	Bunaidh	525,141		
	Forlíontach	31,000		
		556,141	554,833	500,692
Ollchaiteachas		556,141	554,833	500,692
<i>Lúide</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair			
	Bunaidh	10,730		
	Forlíontach	3,141		
		13,871	14,307	12,402
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	514,411		
	Forlíontach	27,859		
		542,270	540,526	488,290
Barrachas				
Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Stáitchiste.				
		2025	2024	
		€	€	
Barrachas le géilleadh		1,743,830	1,366,732	

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Costas an chláir	154,846	133,655
Pá	369,685	339,551
Neamhphá	30,302	27,486
Ollchaiteachas	554,833	500,692
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	14,307	12,402
Glanchaiteachas	540,526	488,290
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(42,713)	
Dímheas	5,204	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	—	
Amúchadh	154	
	(37,355)	(31,583)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhardail	329	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	2,051	
Méadú ar ioncam fabhraithe	(282)	
Méadú ar speansais fhabhraithe	5,745	
	7,843	14,516
Caiteachas vótáilte díreach	511,014	471,223
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	100,628	93,625
Glanchestas an chláir	611,642	564,848

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	349	349
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	98,485	91,953
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	157	192
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	609	335
Vóta 24	Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce (Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais)	996	777
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	32	19
		100,628	93,625

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	2,172,738	1,461,134
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	2,519	2,580
		2,175,257	1,463,714
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	12,402	11,143
Fardail	2.4	2,128	2,457
Réamhíocaíochtaí	2.5	3,978	6,029
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	1,318	1,116
Ioncam fabhráithe	2.7	458	176
		20,284	20,921
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhráithe	2.8	28,289	22,544
Iarmhéideanna sochair eile	2.9	14,710	11,796
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.10	(990)	463
		42,009	34,803
Glandlíteanais reatha		(21,725)	(13,882)
Glansócmhainní		2,153,532	1,449,832
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.11	2,153,532	1,449,832

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Talamh agus foirgnimh €000	Feabhsú léasachta ^d €000	Feithiclí agus trealamh €000	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil							
Ag an 1 Eanáir 2025	1,422,563	1,092	18,291	71,236	106	22,371	1,535,659
Breiseanna	23,160	149	2,414	2,331	—	14,659	42,713
Athluachálacha ^a	668,378	—	—	—	—	—	668,378
Diúscairtí ^b	—	—	(920)	(34,365)	—	—	(35,285)
Nithe a cuireadh in úsáid	18,439	—	—	—	—	(18,439)	—
Coigeartuithe ^c	(269)	—	1,276	—	—	5,226	6,233
Ag an 31 Nollaig 2025	2,132,271	1,241	21,061	39,202	106	23,817	2,217,698
Dímheas carntha							
Ag an 1 Eanáir 2025	—	—	12,374	62,055	96	—	74,525
Dímheas don bhliain	—	121	1,785	3,293	5	—	5,204
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(920)	(34,365)	—	—	(35,285)
Coigeartú	—	—	516	—	—	—	516
Ag an 31 Nollaig 2025	—	121	13,755	30,983	101	—	44,960
Glansócmhainní							
Ag an 31 Nollaig 2025	2,132,271	1,120	7,306	8,219	5	23,817	2,172,738
Ag an 31 Nollaig 2024	1,422,563	1,092	5,917	9,181	10	22,371	1,461,134

Nóta ^a Rinne Tailte Éireann an talamh agus na foirgnimh go léir atá faoi rialú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a luacháil de réir luach cóir ag deireadh na bliana 2025. Ba é €45.7 milliún an luacháil ab inchurtha i leith talún ag an 31 Nollaig 2025 agus ba é €2,086.5 milliún an luacháil ab inchurtha i leith foirgneamh. Cuimsítear sa ghlanbharrachas athluachála €668.4 milliún sa bhliain 2025 talamh dar luach €39.1 milliún (ollbharrachas €41.6 milliún; olleasnamh €2.5 milliún) agus foirgnimh dar luach €629.3 milliún (ollbharrachas €855.8 milliún; olleasnamh €226.5 milliún).

^b Le linn na bliana 2025, sainithníodh sócmhainní ré caite nach bhféadfaí a dheisiú agus diúscaíodh iad. Bhí na sócmhainní sin dímheasta go hiomlán.

^c Rinneadh coigeartuithe le linn na bliana 2025 ar shócmhainní ar láimh sa bhliain roimhe sin, e.g., mótarfheithiclí a fheistiú, sócmhainní a athaicmiú, nó oibreacha breise ar shócmhainní caipitil láithreacha atá á bhforbairt.

^d Aithníodh feabhsuithe léasachta roimhe seo faoi thalamh agus foirgnimh roimh an 1 Eanáir 2025.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2025	2,748	2,748
Coigeartuithe ^a	218	218
Ag an 31 Nollaig 2025	2,966	2,966
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2025	168	168
Amúchadh don bhliain	154	154
Amúchadh ar choigeartuithe	125	125
Ag an 31 Nollaig 2025	447	447
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2025	2,519	2,519
Ag an 31 Nollaig 2024	2,580	2,580

Nóta ^a Rinneadh coigeartuithe le linn na bliana 2025 ar na sócmhainní a bhí ar láimh sa bhliain roimhe sin.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta	12,280	10,939
larmhéideanna cuntais bainc tráchtála	122	204
	12,402	11,143

Nóta ^a Sealbhaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann trí chuntas bainc tráchtála. Bainistítear an t-airgead sna cuntais sin ar leithligh ó chistí vótáilte, agus baineann sé le cuntas siopa príosúin amháin agus le dhá chuntas chistí pearsanta na bpríosúnach. Ach amháin i gcás íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair, arb íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta ná a íoctar uaidh. Ba é €5,066,913 (2024: €4,201,298) an tsuim a sealbhaíodh sa chuntas ag deireadh na bliana 2025. Ní chuirtear an tsuim sin ar áireamh sa chuntas. Féach freisin nóta 6.6.

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Éidí agus éadach	1,896	2,177
Ilghnéitheach	232	280
	2,128	2,457

Nóta ^a Thug an fhoireann acmhainní daonna agus an Coiste Éide faoi athbhreithniú ar an stoc éide a bhí ar láimh. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, sainaitníodh stoc arbh ionann a chostas stairiúil agus €30,300 a bheith as feidhm. Ós rud é go bhfuil luach an stoic sin níos mó ná €10,000, tá ceadú faighte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin chun é a dhiúscairt.

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Riarachán na Roinne	2,639	3,821
A.3 Foirgnimh agus trealamh	13	663
A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh	616	798
A.5 Seirbhísí oibríochtúla	682	703
A.6 Seirbhísí oideachais	28	44
	3,978	6,029

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Cuntais óinchiste príosúin	396	392
Míreanna dochair eile ar fionraí	922	724
	1,318	1,116

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fáltais a bhaineann le párolla ^a	396	168
Fáltais eile	62	8
	458	176

Nóta ^a Áirítear le fáltais a bhaineann le párolla fabhrú a aithint den chéad uair riamh le haghaidh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise.

2.8 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Cúram agus athshlánú príosúnach	3,883	3,776
Foirgnimh agus trealamh	4,357	723
Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF	1,198	972
Oiliúint agus forbairt	166	228
Taisteal agus cothú	275	199
Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	247	284
Oibríochtaí coimeádta agus slándála	181	110
Oideachas	114	57
Costais dlí agus cúiteamh	237	31
Fabhrú a bhaineann le párolla	10,792	9,403
Fabhrú pá saoire	6,839	6,761
	28,289	22,544

2.9 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	6,142	4,999
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,749	3,329
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	127	106
Cáin bhreisluacha	2,691	1,451
Cáin conraitheoirí cláraithe	3	—
Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin	5	2
	12,717	9,887
Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	122	204
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	813	739
Míreanna sochair eile ar fionraí	1,058	966
	14,710	11,796

2.10 Glanmhaoiniú ón Státhiste

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,744	1,367
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(2,734)	(904)
Glanmhaoiniú ón Státhiste	(990)	463
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	12,402	11,143
larmhéideanna dochair: fionraí	1,318	1,116
	13,720	12,259
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,717)	(9,887)
larmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	(122)	(204)
larmhéideanna sochair: fionraí	(1,871)	(1,705)
	(14,710)	(11,796)
	(990)	463

2.11 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2025		2024 ^b
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			1,449,832	1,432,957
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	542,270		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,744)		
Glanvóta			540,526	488,290
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1		100,628	93,625
Míreanna neamhairgid				
Glanchoigearuithe ar shócmhainní caipitil	2.1, 2.2		5,810	(192)
Barrachas athluachála	2.1		668,378	—
Glanchostas an chláir	1		(611,642)	(564,848)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			2,153,532	1,449,832
Cúlchiste ginearálta			1,247,054	1,211,733
Cúlchiste athluachála	2.1		906,478	238,099
Cuntas maoinithe Stáit			2,153,532	1,449,832

Nóta

a

Déantar an cúlchiste athluachála atá ar áireamh sa chuntas maoinithe Stáit a shainaithint ar leithligh den chéad uair riamh sa chuntas leithreasa seo, mar a cheanglaítear le CGAS 17: Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh. Cuireadh an barrachas athluachála carnach dar luach €238.1 milliún ag an 1 Eanáir 2025 i leith foirgneamh. Ar an mbonn sin, cuimsítear sa bharrachas athluachála ag an 31 Nollaig 2025 €39.1 milliún i leith talún agus €867.4 milliún i leith foirgneamh.

b

Rinneadh athanailís ar iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit ag an 31 Nollaig 2024 chun críocha comparáide i bhformáid atá cosúil leis an gcúlchiste athluachála ag deireadh na bliana 2025.

2.12 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
Tionscadail chaipitil	9,055	4,739
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	9,055	4,739

2.13 Ceangaltais léasa oibriúcháin

Arb í Seirbhís Phríosúin na hÉireann an léasaí ina leith	2025	2024
	€000	€000

Speansas léasa oibriúcháin don bhliain	236	236
---	------------	------------

Íocaíochtaí léasa íosta comhiomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe

Laistigh de bhliain amháin	457	236
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	1,256	826
Níos déanaí ná 5 bliana	—	—
	1,713	1,062

Arb í Seirbhís Phríosúin na hÉireann an léasóir ina leith	2025	2024
	€000	€000

Ioncam léasa oibriúcháin don bhliain	18	20
---	-----------	-----------

Íocaíochtaí léasa íosta amach anseo is infhaighte faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe

Laistigh de bhliain amháin	5	18
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	—	—
Níos déanaí ná 5 bliana	—	—
	5	18

Nóta ^a Níl aon chíosanna teagmhasacha infoctha agus níl aon íocaíochtaí foléasa infhaighte.

2.14 Dlitanais aibithe

Bhí dlitanais aibithe dar luach €237,368 ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2025.

2.15 Dlitanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dlitanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Áirítear leis na dlitanais theagmhasacha éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá ag plé leis na héilimh sin thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhir na ndlitanas a d'fhéadfadh a bheith ann. Féach nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí.

2.16 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaíochta

Tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGASanna) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe ón 1 Eanáir 2024 i leith. Chun go mbeifí in ann aistriú chuig caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir, deonaíodh maoluithe áirithe mar atá leagtha amach sa rannán faoin ráiteas faoi pholasaithe cuntasaíochta i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d’iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit i mbliain an chuntais.

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Athluacháil réadmhaoine ^a	668,378	—
Fabhrú saoire ^b	—	(6,761)
Fabhrú párolla ^b	—	(9,403)
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise is infhaighte ^c	396	—
	668,774	(16,164)

Nóta ^a CGAS 17 Réadmhaoín, Fearas agus Trealamh – rinneadh cur i láthair agus nochtadh na n-éifeachtaí a bhí ag athluachálacha réadmhaoine a bhreisiú i gcomhréir le CGAS 17. Tugtar faisnéis bhreise anois i nóta 2.1 maidir le luachálacha de réir aicme réadmhaoine (talamh agus foirgnimh), lena n-áirítear mionsonraí faoin mbarrachas ar athluacháil a tháinig chun cinn sa bhliain 2025. Ina theannta sin, rinneadh anailís den chéad uair riamh ar an gcuntas maoinithe Stáit i nóta 2.11 idir an cúlchiste athluachála agus an cúlchiste ginearálta.

^b CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

^c CGAS 23 Ioncam ó Idirbhearta Nárbh Idirbhearta Malairte Iad (Cánacha agus Aistrithe)

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gcaiteachas Chlár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	356,227		
	<i>Forlíontach</i>	13,964		
		370,191	369,685	339,551
ii	Taisteal agus cothú			
	<i>Bunaidh</i>	3,166		
	<i>Forlíontach</i>	886		
		4,052	4,015	3,334
iii	Oiliúint agus forbairt			
	<i>Bunaidh</i>	1,900		
	<i>Forlíontach</i>	2,000		
		3,900	3,314	2,754
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach			
	<i>Bunaidh</i>	5,651		
	<i>Forlíontach</i>	(481)		
		5,170	4,705	3,932
v	Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF			
	<i>Bunaidh</i>	16,419		
	<i>Forlíontach</i>	1,910		
		18,329	18,268	17,466
vi	Costais áitribh	1	—	—
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde			
	<i>Bunaidh</i>	100		
	<i>Forlíontach</i>	(100)		
		—	—	—
		401,643	399,987	367,037

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €3.17 milliún; toradh €4 mhilliún

Tháinig an barrachas €849,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhéaduithe i líon na bpríosúnach agus ar an éileamh méadaithe gaolmhar ar thionlacain, i.e., láithris sa chúirt, aistrithe idir príosúin, cuairteanna ar ospidéal, agus fanachtaí in ospidéal.

iii Oiliúint agus forbairt

Soláthar meastacháin €1.9 milliún; toradh €3.3 milliún

Den chuid is mó, tháinig an barrachas €1.4 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh as an ngá a bhí le hoiliúint, le forbairt, agus le tacaíocht earcaíochta. Is iad na príomhspreagthaí costais anseo ná na costais oiliúna a bhaineann le hOifig Phríosúin is Earcaigh, rud a théann i bhfeidhm ar chostais lónadóireachta, ar chostais ghlantacháin, agus ar chostais ghaolmhara eile freisin. Cumhdaítear san fho-mhírcheann seo freisin tacaíocht earcaíochta agus oiliúint riachtanach eile foirne.

vii Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Tháinig an choigilt €100,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn toisc nach raibh aon ghá ann le seirbhísí comhairleoireachta sa bhliain.

Clár A Coimeád athshlánúcháin sábháilte, slán agus daonnachtúil a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	356,227		
	<i>Forlíontach</i>	13,964		
			370,191	369,685
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	27,237		
	<i>Forlíontach</i>	4,215		
			31,452	30,302
A.3	Foirgnimh agus trealamh			
	<i>Bunaidh</i>	79,198		
	<i>Forlíontach</i>	890		
			80,088	80,663
A.4	Cúram agus athshlánú príosúnach			
	<i>Bunaidh</i>	44,709		
	<i>Forlíontach</i>	9,186		
			53,895	53,945
A.5	Oibríochtaí coimeádta agus slándála			
	<i>Bunaidh</i>	9,416		
	<i>Forlíontach</i>	2,014		
			11,430	11,210
A.6	Seirbhísí oideachais			
			2,129	2,079
A.7	Costais dlí agus cúiteamh			
	<i>Bunaidh</i>	5,800		
	<i>Forlíontach</i>	700		
			6,500	6,493
A.8	Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)			
	<i>Bunaidh</i>	425		
	<i>Forlíontach</i>	31		
			456	456
			556,141	554,833
				500,692

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad.

A.4 Cúram agus athshlánú príosúnach

Soláthar meastacháin €44.7 milliún; toradh €53.9 milliún

Tháinig an barrachas €9.236 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha i réimsí na lónadóireachta agus na cóireála liachta do phríosúnaigh. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an bhfás leanúnach ar líon na bpríosúnach agus ar an gcastacht mhéadaitheach agus ar na riachtanais mhéadaitheacha a bhaineann le déimeagrafaic na bpríosúnach. Shroich líon na bpríosúnach os cionn 5,000 duine sa bhliain 2024 agus tháinig méadú air go 5,753 dhuine ag deireadh na bliana 2025.

A.5 Oibríochtaí coimeádta agus slándála

Soláthar meastacháin €9.4 milliún; toradh €11.2 milliún

Tháinig an barrachas €1.794 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar bhearta slándála breisithe, ar thionscnaimh frithdhrugaí, ar infheistíocht sa fhlít chun caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus ar mhéadú ar chostais oibríochta agus slándála mar thoradh ar an ngéarchéim plódaithe.

A.7 Costais dlí agus cúiteamh

Soláthar meastacháin €5.8 milliún; toradh €6.5 milliún

Tháinig an barrachas €693,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar líon na n-éileamh a tréchuireadh a bheith níos airde. Is é atá anseo ná mír chostais faoi stiúir éilimh a mbainistíonn an Ghnómhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla go príomha í, agus athraíonn an caiteachas ag brath ar chineál an cháis agus ar chandam, líon agus uainiú deiridh na ndámhachtainí.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine			
	<i>Bunaidh</i>	425		
	<i>Forlíontach</i>	31		
		456	456	386
2	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise			
	<i>Bunaidh</i>	9,750		
	<i>Forlíontach</i>	2,180		
		11,930	12,323	11,810
3	Sochar Breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí			
	<i>Bunaidh</i>	250		
	<i>Forlíontach</i>	930		
		1,180	1,302	—
4	Ilghnéitheach	305	226	206
		13,871	14,307	12,402

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i leithreasaí-i-gcabhair.

2 Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise

Soláthar meastacháin €9.75 milliún; réadaithe €12.3 milliún

Tháinig an barrachas €2.573 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a d'eascair as costais tuarastail mhéadaithe a bhain le comhaontú pá na seirbhíse poiblí, i measc nithe eile.

3 Sochar Breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Soláthar meastacháin €250,000; réadaithe €1.3 milliún

Tháinig an barrachas €1.052 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar fháltais bhreise ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is sruth ioncaim atá faoi stiúir éilimh é sin.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí-i-gcabhair agus suimeanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta nárbh idirbhearta malairte iad	
Deontas ón bPríomh-Chiste	540,526
Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	456
Fíneálacha	28
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	12,719
Ioncam ó idirbhearta malairte	
Ioncam cíosa	18
Ioncam eile	
Gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní	104
Tuarastal agus costais forchúitimh	1,262
Ilghnéitheach	2
Iomlán an ioncaim	555,115
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasáí-i-gcabhair (nóta 4.1)	14,307
Deontas ón bPríomh-Chiste	540,526
Méadú ar ioncam fabhraithe	282
	555,115

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	4,007	3,740

5.2 Pá

	2025	2024
	€000	€000
Pá	215,292	198,887
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	669	572
Liúntais eile	54,601	47,845
Tinreamh breise agus ragobair	65,153	61,807
ÁSPC an fhostóra	33,970	30,440
	369,685	339,551

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	90	12	32,524	27,866
Tinreamh breise agus ragobair	3,603	2,707	123,872	107,990
Liúntais uainoibre agus uainchláir	3,339	1,965	26,238	22,336
Ilghnéitheach	3,759	143	23,175	18,166
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3,652	3,310	147,106	130,847

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €140,086 san iomlán le 40 státseirbhíseach atá scortha agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís le haghaidh dualgais éagsúla. Idir €260 agus €15,928 a bhí na híocaíochtaí.

Íocadh €52,544 san iomlán le cúigear comhaltaí scortha den Gharda Síochána ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad le haghaidh dualgais shonracha le linn na bliana 2025.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne scortha de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir bandaí pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	813	787
60,000	69,999	399	295
70,000	79,999	396	470
80,000	89,999	466	489
90,000	99,999	593	649
100,000	109,999	543	511
110,000	119,999	350	283
120,000	129,999	203	119
130,000	139,999	72	51
140,000	149,999	36	22
150,000	159,999	18	6
160,000	169,999	12	12
170,000	179,999	3	2
180,000	189,999	4	1
190,000	199,999	2	2
200,000	209,999	1	1
210,000	219,999	2	—

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	387	875,405	733,616
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	181	457,707	230,497

Nóta ^a Bhí duine aonair amháin ann a raibh ró-íocaíocht aige nach raibh aon phlean aisghabhála i bhfeidhm ina leith agus a d'aistrigh chuig Roinn eile sa bhliain 2025. Áirítear leis na mionsonraí thuas roinnt cásanna pinsean coinnithe. Cuireadh roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta sa bhreis i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta le baill foirne le linn na bliana 2025.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

Is í an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21 Príosúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24 Dí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce freisin. Nochtar a luach saothair agus a sochair sa chuntas leithreasa do Vóta 24.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Daonra na bpríosún

B’ionann an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2025 agus 5,417 nduine (2024: 4,941 duine).

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain						
	Éilimh a rinne				lomlán	lomlán
	Fostaithe (de dheasca díobhálacha le linn d’fhostaithe a bheith ar dualgas agus saincheisteanna eile)	Príosúnaigh (de dheasca díobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh)	Daoine den phobal		2025	2024
	Éilimh shibhialta	An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla				
Líon na gcásanna	166	91	171	16	444	634
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin	296	—	348	117	761	717
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann						
Cúiteamh	2,497	973	378	327	4,175	5,778
Costais dlí	626	—	248	255	1,129	619
Costais eile	109	—	55	4	168	143
lomlán 2025^b	3,528	973	1,029	703	6,233	7,257
lomlán 2024	1,149	4,133	1,327	648	7,257	

Nóta ^a Amhail an 31 Nollaig 2025, b’ionann líon na n-éileamh gníomhach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát mar éilimh gan réiteach agus 540 éileamh (2024: 623 éileamh). B’ionann agus €268,098 (2024: €335,889) luach na gcostas dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le 9 gcás nár chásanna cúitimh iad agus le mionchostais dlí eile.

^b Áirítear leis na héilimh gan réiteach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 143 chás a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Mar thoradh ar bhreithiúnas gaolmhar ón gCúirt Uachtarach, tá scéim curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déantar na costais a bhaineann le haon chúiteamh ón scéim sin a íoc ó Vóta na bPríosún.

Maidir leis an tsuim €1.029 milliún a íocadh i ndáil le héilimh ó phríosúnaigh, áirítear léi suim €198,604 (2024: €160,292) i gcostais chúitimh agus i gcostais dlí gearánaithe agus suim €86,706

(2024: €327,934) i dtáillí dlí agus táillí eile Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní. B'ionann na costais iomlána a bhaineann le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní agus €12.8 milliún ag deireadh na bliana 2025 (2024: €12.515 milliún). Measann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát gur dócha go mbeidh costas deiridh na gcásanna maidir le sláintíocht sna cillíní idir €15 mhilliún agus €20 milliún.

Amhail an 31 Nollaig 2025, tá costais dlí gan íoc is ionann agus €339,145 (2024: €335,908) dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025

	Éilimh a rinne			Iomlán
	Foireann príosúin	Príosúnaigh	Daoine den phobal	
Líon na gcásanna	40	88	8	136
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin	225	452	130	807
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	1,376	484	509	2,369
Costais dlí	574	232	310	1,116
Costais eile	54	60	12	126
Iomlán	2,229	1,228	961	4,418

Nóta ^a Is ar áireamh sa tábla thuas atá an t-iomlán carnach a íocadh i leith éilimh a chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i gcrích sa bhliain 2025. Is féidir go n-áireofar leis sin íocaíochtaí a rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát sa bhliain 2025 ach nach bhfuil aisíoctha ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann go fóill.

6.3 Speansais sochraide príosúnach

Ní raibh aon íocaíochtaí *ex gratia* i leith speansais sochraide ann sa bhliain 2025.

6.4 Caillteanais airgid

Sainithníodh roinnt caillteanais airgid thirim ab ionann agus €543 san iomlán (2024: €714) i gcúig phríosún sa bhliain 2025.

6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €6,958 (2024: €7,595) suim an úis a tabhaíodh i leith íoc pras sa bhliain 2025.

6.6 Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón ioncam agus caiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí airgeadais eile chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun go mbeidh sí in ann a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí sin le bainistiú chistí na bpríosúnach, le hoibriú na siopaí príosúin, agus le hoibriú na gCoistí Deonacha Bialann foirne. Teastaíonn cuntais bhainc sa bhreis le haghaidh na n-oibríochtaí sin, agus tá na mionsonraí mar a leanas:

- Cuntas chistí pearsanta na bpríosúnach** – Coimeádtar cuntas bainc go lárnach le haghaidh chistí pearsanta na bpríosúnach. B’ionann an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025 agus €2,516,304 (2024: €2,200,416). Léirítear ansin iarmhéideanna chistí na bpríosúnach amhail deireadh na bliana agus áirítear leis an dliteanas i leith cheannacháin na bpríosúnach sna siopaí do mhí na Nollag (ab ionann agus tuairim is €1 mhilliún).
- Cuntas chistí na bpríosúnach** – Cuntas bainc le haghaidh cistí seachtracha do phríosúnaigh a fháil. Ba é €205,642 (2024: €117,778) an t-iarmhéid ar an gcuntas amhail an 31 Nollaig.
- Oibríocht na siopaí príosúin** – Tá siopa (‘siopa milseán’) inar féidir le príosúnaigh míreanna amhail táirgí milseogra agus earraí maisíochta a cheannach ag gach príosún. Íoctar as na míreanna ó chistí na bpríosúnach. Le blianta beaga anuas, rinneadh oibríocht na siopaí a athchóiriú agus a nuachóiriú, rud a cuireadh i gcrích go hiomlán sa bhliain 2025. Mar thoradh air sin, cuireadh cuntas bainc lárnach amháin in ionad 11 chuntas bainc siopa a bainistíodh go háitiúil. Dúnadh an cuntas bainc siopa príosúin áitiúil deiridh le linn na bliana 2025. B’ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas sin amhail an 31 Nollaig 2025 agus €0 (2024: €15,172). B’ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas lárnach amhail an 31 Nollaig 2025 agus €2,344,968 (2024: €1,867,932). Ba é €488,679 (2024: €460,049) luach an stoic ar láimh.
- Coistí deonacha bialann** – Tá coistí deonacha bialann i mbun oibre in ocht bpríosún faoi láthair chun comhordú a dhéanamh ar riar agus oibriú na saoráidí bialainne d’fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistíneacha oiliúna príosúnach. Cé go n-oibríonn siad mar eintitis atá ar leithligh agus atá neamhspleách, tá coistí deonacha bialann faoi rialú ag Comhaontuithe Seirbhíse foirmiúla le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, ina leagtar amach na ról, na freagrachtaí, na socruithe airgeadais, agus na ceanglais tuairiscithe faoi seach.

6.7 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:		
	2025	2024
	€000	€000
Fardal a bhaineann le héidí as feidhm	30	—